

An Bhruiséil, 27 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)

14484/1/25
REV 1

ECOFIN 1416
ENV 1101
CLIMA 477
FIN 1251
ECB
EIB

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí maidir le maoiniú don aeráid in oirchill Chomhdháil 2025 na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP30) (Belém, an 10 go dtí an 21 Samhain 2025): mír 16 nua – Conclúidí ón gComhairle (an 27 Deireadh Fómhair 2025)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, mír 16 nua de na Conclúidí ón gComhairle maidir le Maoiniú Idirnáisiúnta don Aeráid in oirchill an 30ú Comhdháil de na Páirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP 30) a ghlac an Chomhairle an 27 Deireadh Fómhair 2025. Cuirtear an mhír seo in ionad mhír 16 a bhí roimhe seo sna conclúidí sin maidir le maoiniú idirnáisiúnta don aeráid a ghlac an Chomhairle an 10 Deireadh Fómhair 2025 (a leagtar amach in 13732/25).

**AGUISÍN A GHABHANN LE CONCLÚIDÍ 2025 ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE
MAOINIÚ IDIRNÁISIÚNTA DON AERÁID (MÍR NUA LE DUL IN IONAD MHÍR 16)**

CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS ranníocaíocht an Aontais agus na mBallstát sa bhliain 2024 chun tacú leis an ngníomhaíocht ar son na haeráide i dtíortha i mbéal forbartha, is é sin EUR 31.7 billiún¹ i maoiniú poiblí idirnáisiúnta agus EUR 11.0 billiún² i maoiniú príobháideach slógtha.

-
- ¹ Ar an bhfigiúr seo, áirítear foinsí maoinithe ó bhuiséid phoiblí agus institiúidí airgeadais forbartha eile, agus ríomhtar é bunaithe ar ghealltanais do ranníocaíochtaí déthaobhacha agus eisíocaíochtaí de ranníocaíochtaí iltaobhacha, arna dtuairisciú ag na Ballstáit ar bhonn Airteagal 19.3 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018. Cuimsítear ann maoiniú don aeráid dar luach EUR 4.6 billiún ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear an Ciste Eorpach Forbraíochta, agus EUR 2.4 billiún ón mBanc Eorpach Infheistíochta.
- ² Baineann an figiúr leis an tacaíocht phríobháideach airgeadais arna slógadh trí idirghabhálacha poiblí (ráthaíochtaí, iasachtaí sindeacáite, infheistíocht dhíreach i gcuideachtaí, línte creidmheasa, etc.). Ní áirítear ann aon airgeadas poiblí a úsáidtear chun an tacaíocht phríobháideach airgeadais sin a shlógadh.